



NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

STAIR



MODUL

4

LE HÚSÁID I GCOMHAR LE BILEOGA OIBRE 4A GO 4G

Ceachtanna 1 & 2:

Snáithe: An saol, an sochaí, obair agus cultúr san am a chuaigh thart.

Cuspóir: Eolas a chur ar ghnéithe de shaol na ndaoine ón naoú céad déag go dtí an lá atá inniu ann.

Acmhainní: DVD, **Bileog Oibre 4A**.

1. Stair an CLG: DVD

Is píosa scannáin agus é curtha in eagar é seo de *"Sunday after Sunday,"* clár faisnéise ag ceiliúradh comóradh céad bliain an CLG i 1984. Léiríonn sé stair chomhdhlúite den CLG a shíneann ó na gearrtháin scannáin agus na grianghraif dubh agus bán is faide siar, go dtí an lá atá inniu ann. Cuirfidh sé beagán eolais faoi na cluichí ar fáil do na daltaí agus tabharfaidh sé deis dóibh tábhacht chultúrtha an CLG a fhiosrú.

2. An CLG i 1948: DVD

Tugann an píosa iontach de ghearrthán scannáin seo pictiúr den saol i 1948 dúinn. Tabharfaidh sé deis iontach cúrsaí faisin, cúrsaí iompair, clúdach na meáin, agus go leor ábhar eile i gcomhthéacs an CLG a phlé leis na daltaí. Tabharfaidh an mhír "Breathnaigh agus athbhreithnigh" den Bhéarla deis comparáid a dhéanamh le cluichí an lae inniu.

D'fhéadfaí **Bileog Oibre 4A** a úsáid chun leanúint ar aghaidh ó na cláir faisnéise gearra seo nó í a thabhairt amach roimh ré sa chaoi gur féidir leis na daltaí bheith ullamh.



Ceacht 3

Snáithe: Scéal.

Snáithaonad: Miotais agus Finscéalta.

Cuspóir: Éist le, pléigh, athinís agus déan taifead ar mhiotais agus ar fhinscéalta atá bainteach le hoidhreacht na nGael agus le CLG.

Acmhainní: **Bileoga Oibre 4B** agus **4C**.

1. Bain úsáid as **Bileoga Oibre 4B** agus **4C** chun a léiriú gur cluiche ársa atá san iománaíocht.
2. Tabhair cead do na daltaí scéal ar chlár a chruthú tar éis na bileoga oibre a léamh. D'fhéadfadh na páistí ansin an scéal a athinsint do bhunranganna ag cinntiú go ndéantar cróineolaíocht na n-imeachtaí sna scéalta a phlé, chomh maith le plé a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar mhothúcháin na gcarachtar.
3. Trí chomhtháthú le mír na drámaíochta, spreag na daltaí chun na miotais seo a léiriú nó a thaifeadadh trí rólghlacadh agus trí mhím (*féach mír na drámaíochta*).

Ceacht 4: Grianghraif

Snáithe: Staidéar áitiúil.

Snáithaonad: Cluichí agus caithimh aimsire san am a chuaigh thart.

Cuspóir: Bunús na gcluichí Gaelacha sa cheantar agus bunús an CLG a scrúdú.

Acmhainní: DVD, **Bileoga Oibre 4D** agus **4E**.



Gníomhaíochtaí atá molta:

1. Téigh siar ar Cheacht 1 trí phlé a dhéanamh ar bhuaicphointí na ngearrthóga DVD atá feicthe acu.
2. Déan **Bileoga Oibre 4D** agus **4E** a dháileadh ar ghrúpaí beaga chun plé ó bhéal a dhéanamh.
3. Féach www.ceim.gaa.ie do **Bhileog Oibre 4G** chun dul le **4D** agus **4E**.
Tá ceisteanna anseo do na daltaí mar:
a) Pléigh cosúlachtaí agus difríochtaí idir na grianghraif.
b) Tomhais na blianta ina gceapann tú gur tógadh na grianghraif seo? D'fhéadfadh na páistí na grianghraif a ghearradh amach agus iad a chur ar líne ama.
c) Cé acu grianghraf is sine?
d) Céard iad na hathruithe atá déanta ar (i) an staid, (ii) na héadaí agus an fearas imeartha?
Bileog Oibre 4D is iad na grianghraif ná **1.** Pictiúr d'fhoirne Bhaile Átha Cliath agus Chorcaigh i 1935; **2.** Cluiche Ceannais Camógaíochta, Baile Átha Cliath v Gaillimh, 1970. **3.** Grianghraf d'fhoireann Chú Chulainn 1904. Cuireadh an chéad sraith rialacha don Chamógaíocht le chéile i 1903 agus rinneadh an Chamógaíocht a lainseáil go hoifigiúil nuair a imríodh an chéad chluiche poiblí idir foirne Chéitinn agus Chú Chulainn i 1904. **4.** Cluiche Ceannais Camógaíochta 1930.
Bileog Oibre 4E is iad na grianghraif ná: **1.** Ardeaspag Chaisil ag caitheamh isteach na liathróide i gCluiche Ceannais Iománaíochta na hÉireann, idir Corcaigh agus Loch Garman i 1956, i bPáirc an Chrócaigh. **2.** Cluiche Leathcheannais na hÉireann sa Pheil Sóisir i 1925 idir Sligeach agus Lú i bPáirc an Chrócaigh. **3.** Cluiche Leathcheannais na Mumhan i 2007 idir Corcaigh agus Port Láirge i Staid Semple. **4.** Cluiche Ceannais na hÉireann sa Pheil Sinsir i 2006, idir Ciarraí agus Maigh Eo, i bPáirc an Chrócaigh.

Ceacht 5: Imreoirí ón Am a chuaigh thart

Snáithe: Scéal.

Snáithaonad: Scéalta ó shaol imreoirí ón am a chuaigh thart; mocheantar féin thar na blianta.

Cuspóir: Éisteacht le raon scéalta a bhaineann le saol daoine a chuir le saol an cheantair nó an náisiúin agus na scéalta sin a phlé, a athinsint agus a thaifeadh.

Acmhainní: **Bileog Oibre 4F**, DVD.

1. Bain úsáid as **Bileog Oibre 4F** chun Christy Ring a chur in aithne do na daltaí. Mínigh gur laoch iomána ba ea Christy Ring de bharr a chuid scile agus a chuid dúthrachta agus an rath a bhí air mar imreoir. Tá cuimhne air ar fud na hÉireann uile agus go háirithe i gCorcaigh áit a bhfuil staid ainmnithe as. Tá comórtas iománaíochta ainmnithe as freisin.
2. Iarr ar na páistí taighde a dhéanamh ar imreoirí cáiliúla óna gcontae nó óna gceantar féin agus cuntas beathaisnéiseach a scríobh faoi na himreoirí a roghnaigh siad. Is féidir leo úsáid a bhaint as láithreáin ghréasáin, ciclipéidí, leabhair CLG nó a dtuismitheoirí chun breis eolais a fháil. D'fhéadfadh na páistí eolas níos fearr a chur ar na himreoirí seo agus ar imreoirí eile trí fhéachaint ar an DVD nó taighde a dhéanamh ar imreoirí ar www.cul4kidz.ie.
3. B'fhéidir go bhféadfaí cuireadh a thabhairt d'iarimreoir club/contae nó do dhuine níos sine ón bpobal caint leis na daltaí faoi imreoirí nó faoi chluichí san am chuaigh thart.
4. Trí chomhtháthú le mír an **Cheoil**, bailigh bailéid, scéalta agus traidisiúin ón gceantar a bhaineann le CLG.

Gníomhaíochtaí eile:

- Déan taighde ar stair do chlub CLG áitiúil agus déan taifead ar imeachtaí agus dátaí ar líne ama.
- Ag baint úsáide as an láithreán gréasáin www.gaa.ie agus www.crokepark.ie cruthaigh líne ama i bhforbairt Páirc an Chrócaigh nó an CLG.
- Déan scrúdú ar fhianaise mar sheanchláir chluichí CLG agus ailt i nuachtáin agus déan comparáid idir na ceisteanna a phléitear iontu agus ceisteanna an lae inniu.
- DVD-SESE: An Draíocht a bhaineann le Déantús Camán. Trí chomhtháthú leis an **Eolaíocht** d'fhéadfaí an gearrscannán seo atá 8 nóiméad ar fhad agus a rinneadh sna hochtóidí den chéad seo caite a úsáid chun an stair a bhaineann le déantús camán a fhiosrú. **Bileog Oibre 4A.**

